**Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois – Bhaile na Lorgan**
**Comhairle Contae Mhuineacháin, Oifigí Cathartha, Bóthar Chois Abhann, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin.**
**Fón: 042 9661236. Ríomhphost: carrickmacross@monaghancoco.ie**

# IARRATAS AR CHEADÚNAS CORR-THRÁDÁLA

## Carraig Mhachaire Rois

**An tAcht Corr-Thrádála, 1995**

1. **Ainm an Iarrthóra** ______________________________

2. **Seoladh Poist** ______________________________

______________________________

3. **Uimhir Theagmhála** ______________________________

4. **Slí Bheatha** ______________________________

5. **Uimh. PSP / Uimh. RSI** ______________________________

6. **Cur síos ar na hEarraí** ______________________________

**DEARBHAÍM: -**

**(a)** **Nár ciontaíodh mé in dhá chion nó níos mó faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, sna trí bliana roimh an dáta a bhfuil sé ar intinn agam tosú ar chorrthrádáil.**

**(b)** **Go bhfuil na sonraí thuasluaite ceart.**

**Síniú** ______________________ **Dáta** ______________________

## Cáipéisí Tacaíochta nach mór a chur isteach leis an Iarratas:

1. Cruthúnas ar Imréiteach Cánach ☐

2. Cóip d’árachas dliteanais phoiblí
   Aon árachas eile is infheidhme ☐

3. Litir ó d’árachóirí ina slánaítear íosluach €6.5m do Chomhairle Contae Mhuineacháin i gcás aon eachtra nó timpiste. ☐

**Nótaí:– Faoi alt 4 (11) den Acht Corr-Thrádála, 1995, foráiltear go gcuirfidh an tÚdarás Áitiúil lena mbaineann an tAire Leasa Shóisialaigh ar an eolas faoi ainm agus seoladh baile an duine ar bronnadh ceadúnas corr-thrádála air agus cúinsí an cheadúnais agus faoi alt 4 (2A) den Acht Corr-Thrádála, 1995 (arna chur isteach le halt 141 den Acht Airgeadais, 1996, (Uimh. 9 de 1996) foráiltear go gcuirfidh an tÚdarás Áitiúil lena mbaineann na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi ainm, seoladh baile, agus uimhir thagartha chánach an duine ar bronnadh ceadúnas corrthrádála air agus cúinsí an cheadúnais. Faoi alt 13 den Acht Corr-Thrádála, 1995, foráiltear gur féidir leis an Údarás Áitiúil Clár na gCeadúnas Corrthrádála a bhunú agus a choinneáil ar ríomhaire. Sa chás sin, tá na sonraí pearsanta sa chlár faoi réir riachtanais an Achta Cosanta Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988) lena n-áirítear ceart an duine aonair rochtain a fháil ar shonraí agus iad a fhíorú, nuair is féidir.**

**Achtanna Cosanta Sonraí 1988 -2018 (arna leasú) agus na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)**

**Ceadúnas Corrthrádála**

**Cúlra**

Is é cuspóir an fhógra seo roinnt faisnéise a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a mbailíonn agus a bpróiseálann Comhairle Contae Mhuineacháin do chuid sonraí. Le linn ár ngníomhaíochtaí, baileofar, stórálfar agus próiseálfar sonraí pearsanta faoi úsáideoirí seirbhíse, agus is í Comhairle Contae Mhuineacháin an t-aonad rialaithe sonraí maidir leis na sonraí sin.

Cruthaíonn, bailíonn agus próiseálann Comhairle Contae Mhuineacháin líon suntasach 'sonraí pearsanta' agus 'sonraí pearsanta íogaire' i bhformáidí éagsúla gach lá. Táimid tiomanta don mhéid seo a leanas a chinntiú ó thaobh sonraí pearsanta de:

- Go bhfuarthas ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach iad
- Gur bailíodh chun críocha sonraithe, soiléire agus dlisteanacha iad,
- Go bhfuil siad sásúil, ábhartha agus riachtanach chun na críche a bhfuarthas iad,
- Go ndéantar iad a thaifeadadh, go stórálfar go cruinn iad agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad, nuair is iomchuí,
- Nach gcoinnítear iad ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá, agus, go gcoinnítear iad i bhfoirm inar féidir an t-ábhar sonraí a aithint,
- Go bpróiseáiltear iad ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach na sonraí.

Chun na sonraí uilig maidir le bailiú, próiseáil agus roinnt do shonraí pearsanta agus maidir le do chearta i dtaca leis sin a fháil, féach an Fógra Príobháideachais iomlán ar ár suíomh gréasáin.

**Na sonraí a bhailítear agus a phróiseáiltear**

I measc na sonraí pearsanta a bhaileoimid agus a phróiseálfaimid tá d'ainm, seoladh, uimhir theagmhála, uimhir PSP, tagairt imréitigh cánach agus deimhniú dliteanais phoiblí.

**Cén fáth a mbailítear na sonraí pearsanta seo?**

Bailímid agus próiseálaimid an fhaisnéis sin ar mhaithe leis an gcaidreamh eadrainn a bhainistiú agus a riar, chun Ceadúnas Corrthrádála a eisiúint.

**Dlíthiúlacht na próiseála**

Próiseáiltear na sonraí pearsanta seo faoi

- [Airteagal 6 1 (a) RGCS]
- [de réir an údaráis oifigiúil dílsithe dúinn mar rialaitheoir faoin Acht Corr-Thrádála, 1995]

**Sonraí Pearsanta a Roinnt**

D'fhéadfaimis do Shonraí Pearsanta a roinnt le tríú páirtithe roghnaithe, le hÚdaráis Áitiúla eile, le soláthraithe agus le tríú páirtithe eile a chabhraíonn linn ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Gheofar tuilleadh eolais maidir le roinnt do shonraí pearsanta inár bhFógra Príobháideachais atá ar fáil ag: Fógra Príobháideachais

Má tá aon cheisteanna agat maidir le próiseáil do Shonraí Pearsanta, is féidir dul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí

ar ríomhphost: dataprotectionofficer@monaghancoco.ie

ar an bhfón: (047) 73765

Seoladh Poist: Comhairle Contae Mhuineacháin, Oifigí an Chontae, An Gleann, Muineachán